# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 17 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go 11.30

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh d'UIMHIR SCRÚDAITHE sa bhosca seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA LEABHAR FREAGRAÍ SEO.
3. NÍ MÓR DUIT NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO A FHREAGAIRT.

***Don fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas ar fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Olliomlán | |
| Grád | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| Nóta: Bíodh an marc i sraith 3 thuas cothrom leis an marc sa bhosca "Marc don Pháipéar" thall. | |

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** GCINN DEN FICHE CEIST SEO A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**.

**(Tá 8 marc ar gach ceist)**

**1.** Is soiscéal sionoptach é soiscéal Mharcais. (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**2.** Cé acu reiligiún domhanda a luaitear an teideal Imam leis mar cheannaire?

______________________________

**3.** Léigh an liosta de fhéilte reiligiúnacha agus reiligiúin dhomhanda anseo thíos. Tá féile reiligiúnach amháin meaitseáilte leis an reiligiún cuí, mar shampla duit. Déan meaitseáil amháin eile.

| Féilte Reiligiúnacha | Reiligiúin |
|---|---|
| An Nollaig<br>Eid-ul Adha<br>Holi<br>Rosh Hashanah<br>Lá Sangha | An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| **Sampla:** | An Nollaig | An Chríostaíocht |
| **Freagra:** | | |

**4.** Feictear caoinfhulaingt idir phobail chreidimh nuair a bhíonn daoine sásta meas a thaispeáint do chreidimh agus do thuairimí éagsúla reiligiúnacha. (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**5.** I dtraidisiúin reiligiúnacha glaotar ____________________ ar thuras chuig scrín nó áit naofa eile.

**6.** Pardún, trócaire nó taise a thaispeáint: samplaí iad seo de mhaithiúnas. (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Cé acu sainchreideamh Críostaí a luaitear an tArdeaspag Seán Brady leis mar cheannaire?

______________________________

**8.** Baisteadh Íosa san abhainn seo - (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

An Gainges ☐ An Iordáin ☐ An Níl ☐ An Tíber ☐

**9.** Is féidir a rá go mbíonn gníomh suntasach do dhuine nuair a bhíonn brí ann agus nuair a bhíonn tábhacht ann dó/di. (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**10.** Foinse stairiúil fianaise ar shaol Íosa is ea - (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Iacób ☐ Iób ☐ Iosephus ☐ Iósua ☐

**11.** Is féidir a rá gur foinse moráltachta i saol duine é an reiligiún.

Ainmnigh foinse eile moráltachta sa saol. ____________________________________________

**12.** Ba bhéile é an Suipéar Déanach a raibh baint aige le ceiliúradh reiligiúnach amháin díobh seo a leanas? (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Bar Mitzvah ☐ Hanukkah ☐ An Pasóvar ☐ Sukkot ☐

**13.** Is féidir traidisiún a thabhairt ar chreideamh nó ar nós atá ann le fada. (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**14.** Fuair Íosa bás ar cheann amháin de na laethanta seo a leanas? (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Dé hAoine ☐ Dé Luain ☐ Dé Domhnaigh ☐ Dé Céadaoin ☐

**15.** Léigh liosta na n-ábhar reiligiúnach agus na reiligiún domhanda anseo thíos. Tá ábhar amháin meaitseáilte leis an reiligiún cuí mar shampla duit. Déan meaitseáil amháin eile.

| Ábhair Reiligiúnacha | Reiligiúin |
|---|---|
| Lampa Arti | An Búdachas |
| Umar baiste | An Chríostaíocht |
| Mezuzah | An Hiondúchas |
| Mata paidreoireachta | An tÍoslamachas |
| Stupa | An Giúdachas |

**Sampla:**

| | |
|---|---|
| Umar baiste | an Chríostaíocht |

**Freagra:**

| | |
|---|---|
| | |

**16.** Sampla amháin ildiachais is ea ____________________________________________

**17.** Nuair a dhéanann duine adhradh, taispeánann sé easpa creidimh reiligiúnaigh. (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**18.** Is abhainn naofa í an Gainges ag ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas? (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**19.** Is sampla de shacraimint Chríostaí é an Baiste.

Ainmnigh sacraimint Chríostaí eile ____________________________________________

**20.** Ag déanamh comhartha na croise - sin deasghnáth reiligiúnach a luaitear le baill ó cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas? (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An Giúdachas ☐

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT THART AR 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAFANNA SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA ATÁ LE GACH CEANN DÍOBH.

**(Tá 20 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de mhórshiúl le linn Seachtain na Páise sa Spáinn.**



*The Irish Times*

**A.** Luaigh rud **amháin** ón ngrianghraf a thugann le tuiscint gur am tábhachtach í Seachtain na Páise.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

(6 mharc)

**B.** Is am tábhachtach í Seachtain na Páise do cheann **amháin** de na religiúin dhomhanda seo a leanas (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐
An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** gur am tábhachtach í Seachtain na Páise sa reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

(8 marc)

**Ceist 2. Seo grianghraf de cheannlíne nuachtáin ag cur síos ar thionóisc bhóthair inar mharaigh tiománaí gluaisteáin duine agus thiomáin leis ón áit.**




*Evening Herald*

**A.** Luaigh slí **amháin** ina léiríonn an eachtra, ar a bhfuil cur síos sa cheannlíne, an gá atá ann d'omós.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

(8 marc)

**B.** Luaigh slí **amháin** ina bhféadfadh go rachadh cinneadh an tiománaí bailiú leis/léi i bhfeidhm air/uirthi féin.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

(6 mharc)

**C.** Luaigh slí **amháin** ina bhféadfadh go rachadh cinneadh an tiománaí bailiú leis/léi i bhfeidhm ar an tsochaí.

________________________________________________


________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 3.** **Seo grianghraf de Chomhthionól Síochána Domhanda in Assisi.**



*Foilsitheoirí Kevin Mayhew*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf, a thugann le tuiscint gur sampla é seo de chomhrá idirchreidmheach.

(6 mharc)


**B.** Cad is comhrá idirchreidmheach ann?

(6 mharc)

**C.** Luaigh sampla **amháin** eile de chomhrá idirchreidmheach.

(8 marc)

**Ceist 4.** **Seo grianghraf de dhaoine óga ag breith ar choinnle.**



*Alain Pinoges/CIRIC*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngriangraf, a thugann le tuiscint gur eispéireas machnaimh é seo do na daoine óga seo.

(6 mharc)

**B.** Cad is machnamh ann?

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** go bhfuil sé tábhachtach do dhuine am a bheith aige/aice le haghaidh machnaimh.

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

*Anseo thíos tá agallamh a thug duine óg tar éis dó/di cuairt a thabhairt ar Taizé.*

LÉIGH AN tAGALLAMH GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR A LEANANN É.


*MO THURAS GO TAIZÉ*

Ceisteoir: Tá turas go Taizé díreach críochnaithe agat. Ar bhain tú taitneamh as?

Ger: Bhain, mar a fheicfidh tú ó na grianghrafanna agam, bhuail mé le mórán daoine ó gach áit ar domhan.







Ceisteoir: Cén fáth go dtéann an oiread sin daoine óga go Taizé?

Ger: Téann daoine ann ar chúiseanna éagsúla. Tá cuid acu ag lorg brí; tá cuid eile ag iarraidh gaol níos doimhne a chruthú le Dia. Tagann roinnt daoine toisc go mbíonn an deis acu bualadh le Críostaithe eile atá ar chomhaois leo, nó don eispéireas a gheobhaidís ag maireachtáil le pobal atá fréamhaithe sa Soiscéal. Na bráithre reiligiúnacha a chónaíonn i Taizé, roinneann siad a saol agus a gcreideamh le gach aon duine a thagann ar cuairt. Cuirtear fáilte roimh gach aon duine a thagann go Taizé.

Ceisteoir: Cén saghas duine a théann go Taizé?

Ger: Tá cuid de na daoine ar bhuail mé leo gníomhach in eaglaisí sa bhaile; bíonn deacracht ag cuid eile acu eaglais a fháil ina gcuirtear fáilte rompu agus ina n-éistear leo.

Ceisteoir: Cad a rinne tú i rith an lae?

Ger: Formhór na laethanta bhí gnóthaí praiticiúla le déanamh agam, mar chócaireacht agus ghlanadh. Ach, ba chuma cad a bhí ar siúl agam, rachainn go dtí Eaglais an Athmhuintiris trí huaire sa lá chun bheith leis an bpobal ag adhradh. Freisin, d'fhreastail mé ar chruinnithe Bíobla a bhíodh ag na bráithre gach lá.

Ceisteoir: Cén rud is mó a thaitin leat faoi bheith i Taizé?

Ger: Thaitin am an mhachnaimh liom agus cloisteáil faoi dhóchais agus faoi chreidimh dhaoine eile. Thaitin an meabhrú liom freisin, tréimhse ina mbíodh mórán amhránaíochta chomh maith le tost. Bhí an ceol go hiontach. Cumann na bráithre foinn shimplí ag baint úsáid as focail a d'fhéadfá a fhoghlaim gan dua. Ag paidreoireacht duit, canann tú na foinn seo arís agus arís eile. Is féidir le gach aon duine páirt a ghlacadh, is cuma cad é an teanga a labhraíonn tú.

Ceisteoir: Conas a chabhraigh do sheachtain i Taizé leat?

Ger: Ag éisteacht le daoine ar chomhaois liom féin ag caint faoi bheith ag lorg brí agus creidimh: tá sé sin tar éis athrú a chur ar an tslí go léir a smaoiním ar an mbeatha.

Ceisteoir: An rachfá ann arís?

Ger: Rachainn. Bhí sé go hiontach. Thug sé an deis dom mo scíth a ligean agus smaoineamh faoin mbeatha. Rinne mé cairde maithe. Bímíd ag teagmháil le chéile fós agus buailfimíd le chéile arís gan mhoill.

*Foinse: Leasaithe ó Ateliers et Presses de Taizé & Gill and Macmillan*

**1.** Ón léamh atá déanta agat ar an agallamh seo luaigh **dhá** chúis a bhíonn ag daoine dul go Taizé.

i.

ii.

(28 marc)

**2.** I rith an turais go Taizé, ghlac Ger páirt in imeachtaí éagsúla reiligiúnacha.

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na himeachtaí seo a leanas agus mínigh cén fáth a roghnódh daoine a gcreideamh a chur in iúl sa tslí seo.

Ag paidreoireacht leis an bpobal ☐ Ag dul go cruinnithe Bíobla ☐ Ábhair reiligiúnacha a phlé ☐

(12 mharc)

**3.** **A.** Cuir tic ✓ le haon cheann **amháin** díobh seo a leanas agus mínigh cad is brí leis.

Seasmhacht reiligiúnach ☐ Fís inspioráideach ☐ Gairm chrábhaidh ☐

(10 marc)

**B.** An rud a bhfuil tic ✓ curtha agat leis thuas, déan cur síos ar an gcaoi a dtaispeántar é sin sa mhéid a dúirt Ger faoi Taizé.

(10 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG CINN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ar gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

Léigh an fógra seo a leanas faoi phobal creidimh agus freagair na ceisteanna a leanann é.

CÓR IDIRNÁISIÚNTA AN TSOISCÉIL

Is grúpa daoine sinn ó gach áit ar domhan a thagann le chéile chun adhradh a dhéanamh gach seachtain. Canamíd, molamíd an Tiarna, agus déanaimid iarracht sampla Íosa a leanúint inár saol laethúil.

*Ceannaire an Chóir:* Ben Neilson
*Príomh-Amhránaí:* Johanna Colby
*Príomh-Cheoltóir:* Jake Harpur
*Séiplíneach:* Helena Corscadden



*An chéad ócáid eile:* *Ceolchoirm charthanachta ar son na ndaoine gan bhaile*

Dé Domhnaigh, 27 Meitheamh 2003

*Ionad:* Féach ar nuachtáin áitiúla do na sonraí

**A.** a. Déan cur síos gearr ar an inspioráid don phobal creidimh seo.

(4 mharc)

b. Tá a lán rólanna laistigh den phobal creidimh seo - ainmnigh **dhá** ról.

i.

ii.

(2 mharc)

c. Déan cur síos ar an gcaoi a d'fhéadfadh an obair a dhéanann an pobal creidimh seo dul i bhfeidhm ar dhaoine nach baill den phobal sin iad.

(6 mharc)

**B.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a ndearna tú staidéar air:

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

Líon isteach an t-eolas seo a leanas do eaglais nó do eagraíocht reiligiúnach nó do ord atá luaite leis an reiligiún domhanda seo.

a. An t-ainm atá ar an eaglais nó ar an eagraíocht reiligiúnach nó ar an ord:________________

(4 mharc)

b. Fís inspioráideach:

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(8 marc)

c. Obair:

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(8 marc)

d. Rólanna:

i. __________________________________________________________

____________________________________________________________


ii. __________________________________________________________

____________________________________________________________

(8 marc)

## Ceist 2. AN PHAILISTÍN LE LINN ÍOSA

**A.** a. Cuir tic ✓ leis an suíomh ceart don Phailistín i mbosca **amháin** sa léarscáil thíos.



(5 mharc)

b. Liostaithe thíos tá áiteanna agus cúigí sa Phailistín le linn Íosa. Cuir tic✓ sa bhosca ceart, a mheaitseálann gach áit díobh, faoi seach, leis an gcúige ceart. Tá áit amháin meaitseáilte lena chúige, mar shampla duit.

*Áiteanna sa Phailistín le linn Íosa:*

| | Cana | Iarúsailéim | Nasair | An Mhuir Mharbh |
|---|---|---|---|---|
| *Cúige Ghalailí* | ✓ | | | |
| *Cúige Iúdea* | | | | |
| *Cúige na Samáire* | | | | |

(9 marc)


**B.** Thíos tá dhá shampla de bhéilí a roinn Íosa le daoine eile. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh.

Angus Hudson Ltd



☐ *Tugann Íosa bia don 5000*

Octopus Books Ltd.



☐ *An Suipéar Déanach*

Freagair na ceisteanna a leanas ar an sampla ar chuir tú tic leis.

a. Cé a bhí le hÍosa ag an mbéile seo?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(4 mharc)

b. Rianaigh an méid a dúirt agus a rinne Íosa ag an mbéile seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(6 mharc)

c. Cad a dúirt nó cad a rinne na haspail de bharr an mhéid a bhí ráite agus déanta ag Íosa ag an mbéile seo?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(6 marc)

**C.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de thréithe ríocht Dé agus mínigh an chaoi a bhfeictear í i míorúilt a rinne Íosa.

Áit speisialta na mbocht ☐ Grá do chomharsa ☐ An chaoi ar chaith sé le peacaigh agus le strainséirí ☐

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(10 marc)

**Ceist 3.** **POBAL CREIDIMH**

**A.** I ngach reiligiún domhanda bíonn fís agus seasmhacht ag daoine áirithe agus is inspioráid dhomhanda iad do dhaoine eile. Faoi na ceannteidil seo a leanas rianaigh go gearr, scéal duine **amháin** dá leithéid ó reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.
Cuir tic ✓ leis an reiligiún domhanda.

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

a. Ainm an duine

______________________________

(4 mharc)

b. A fís/fhís reiligiúnach

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(8 marc)

c. Sampla amháin dá s(h)easmhacht reiligiúnach

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(8 marc)

**A.** I ngach reiligiún domhanda bíonn amanna tábhachtacha sa stair aige.

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na focail thíos a chuireann síos ar am dá leithéid:

Leathnú ☐ Siosma ☐

Mínigh conas a chuireann an focal a bhfuil tic curtha agat leis síos ar am tábhachtach i scéal reiligiúin amháin de na reiligiúin dhomhanda a leanas:

• An Búdachas • An Hiondúchas • An tIoslamachas • An Giúdachas

______________ ______________________________

(Reiligiún Domhanda) ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(12 mharc)

**C.** a. Uaireanta fulaingíonn daoine géarleanúint de bharr a gcuid seasmhachta reiligiúnaí. Déan cur síos ar shampla **amháin** géarleanúna i scéal reiligiúin **amháin** de na reiligiúin dhomhanda a leanas:

- An Búdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas
- An Giúdachas

(Reiligiún Domhanda)

(4 mharc)

b. Luaigh tionchar **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an ngéarleanúint seo ar leanúnaí an reiligiúin a roghnaigh tú.

(4 mharc)

**Ceist 4.** AN CUARDACH DO BHRÍ

**A.** Léigh na liricí amhráin thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

"*An eol duit cá bhfuil tú ag dul?*
*An dtaitníonn leat na rudaí a thaispeánann an bheatha duit?*
*Cá bhfuil tú ag dul……………"* - Diana Ross (*aistrithe ón Bhéarla*)

a. Luaigh rud **amháin** ón amhrán seo, a thaispeánann an cuardach daonna do bhrí.

(6 mharc)

b. Tabhair sampla **amháin**, i d'fhocail féin, de cheist a chuirfeadh duine óg inniu, agus é/í ag lorg brí na beatha.

(6 mharc)

c. Mínigh an chaoi a bhféadfadh duine óg freagra ar an gceist seo a fháil agus é/í ag lorg brí na beatha.

(8 marc)

**B.** Léigh an litir thíos.

*"Bhí am ann nuair a cheap mé gur seanfhear é Dia, ag suí ar Neamh ag féachaint anuas orainn. Anois ceapaim gur cosúla le cara é. Nuair a ghuím, ní fheicim Dia mar fhear nó mar bhean, feicim Dia mar spiorad. Guím gach lá, ag caint le Dia sa tslí a labhraim le mo chairde. Ar ndóigh bím in amhras uaireanta, ach bíonn gach aon duine mar sin. Oibrím le daoine gan áit chónaithe acu, creidim go n-iarrann Dia ar gach duine againn an saol a fheabhsú dóibh sin atá timpeall orainn."*

a. Luaigh slí **amháin** ina dtaispeánann an litir seo creideamh pearsanta.


(10 marc)

b. Luaigh rud **amháin** a d'fhéadfadh go raibh tionchar aige ar chreideamh reiligiúnach an duine a scríobh an litir seo.


(10 marc)

## Ceist 5. PAIDREOIREACHT

**A.** Thíos tá pictiúir de chomharthaí agus de shuímh a ghlacann daoine uaireanta ag paidreoireacht dóibh.
Cuir tic ✓ le comhartha nó le suíomh **amháin** agus mínigh an rud a seasann sé dó nuair a úsáidtear é ag paidreoireacht.




☐ Cromadh



☐ Cur lámh le chéile



☐ Ar ghlúine



☐ Suí



☐ Seasamh

(14 mharc)

**B.** Is minic a dhéanann daoine ceiliúradh speisialta ar ócáid thábhachtach saoil.

a. Luaigh ceiliúradh reiligiúnach **amháin** ar ócáid thábhachtach saoil.

(4 mharc)

b. Cad í an ócáid thábhachtach saoil atá á comóradh ag an gceiliúradh reiligiúnach atá luaite thuas?

(4 mharc)

c. Luaigh saghas **amháin** paidre a bheadh oiriúnach le húsáid sa cheiliúradh reiligiúnach thuas.

(6 mharc)

d. Mínigh cén fáth a mbeadh an saghas seo paidre oiriúnach don cheiliúradh reiligiúnach seo.

(12 mharc)

**Ceist 6. AN CEARTAS AGUS FÍS MHORÁLTA REILIGIÚNACH**

**A.** Féadann fis mhorálta reiligiúnach daoine a spreagadh chun obair a dhéanamh ar son an cheartais.

a. Rianaigh fís mhorálta reiligiúnach **amháin** a ndearna tú staidéar air.

(12 mharc)

b. Mínigh an chaoi a bhféadfadh an fhís mhorálta seo daoine a spreagadh chun obair a dhéanamh ar son an cheartais.

(8 marc)

**B.** Mínigh an chaoi a bhfeictear an fhís mhorálta reiligiúnach seo san obair ar son an cheartais ag ball nó baill d'aon eagraíocht reiligiúnach a ndearna tú staidéar air.

(20 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán